2026/1376

24.6.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1376 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Meitheamh 2026**

**lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* spp., *Petunia* spp. agus a hibridí ó Uganda a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) agus Airteagal 42a(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]), i gcomhar le pointe 18 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, toirmeasctar plandaí le haghaidh plandú ón bhfine *Solanaceae* a thabhairt isteach san Aontas ó thríú tíortha áirithe.

(2) Tá spéis léirithe ag roinnt Ballstát in allmhairiú gearrthóg neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* spp. agus *Petunia* spp. agus a hibridí ó Uganda ('na plandaí sonraithe'), áit óna bhfuil toirmeasc ar thrádáil faoi láthair. An 6 Deireadh Fómhair 2021 chuir na Ballstáit sin sainchomhad teicniúil isteach ina leagtar amach na nósanna imeachta chun na plandaí sonraithe a tháirgeadh in Uganda.

(3) I mí na Nollag 2025 ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú riosca ar phlandaí neamhfhréamhaithe *Petunia* spp. agus *Calibrachoa* spp. ó Uganda ([3]).

(4) *Bemisia tabaci* Genn. (pobail neamh-Eorpacha), víreas breac éadrom na pise bó, *Nipaecoccus viridis* (Newstead), víreas rollta duilleog an phlanda prátaí (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí, víreas S an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas X an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), *Ralstonia pseudosolanacearum* Safni *et al.*, *Ralstonia solanacearum* (Smith) Yabuuchi *et al.* Emend. Safni *et al.*, *Scirtothrips dorsalis* Hood, víreas Ugandach cuachta duilleog an phlanda trátaí, tospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí agus víreas cuachta duilleog buí an phlanda trátaí, shainaithin an tÚdarás iad sin mar lotnaidí atá ábhartha do na plandaí sonraithe.

(5) Rinne an tÚdarás meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca a dtugtar tuairisc orthu sa sainchomhad sin, i ndáil le táirgeadh na bplandaí sonraithe in Uganda, le haghaidh na lotnaidí a sainaithníodh agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht go mbeadh na plandaí sonraithe saor ó na lotnaidí sin.

(6) Ar bhonn na tuairime sin, tá riosca ag baint le tabhairt isteach na bplandaí sonraithe, riosca is féidir a laghdú go leibhéal inghlactha trí na bearta a chur i bhfeidhm, bearta a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí fíteashláintíochta lena mbaineann agus a dtugtar tuairisc orthu sa Rialachán seo.

---

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

([3]) Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí, 2026, 'Measúnú riosca tráchtearraí ar ghearrthóga neamhfhréamhaithe *Petunia* spp. agus *Calibrachoa* spp. ó Uganda', *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026;24:e9849, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.9849.

(7) *Bemisia tabaci* Genn. (pobail neamh-Eorpacha), víreas breac éadrom na pise bó, víreas rollta duilleog an phlanda prátaí (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas S an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas X an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), *Ralstonia pseudosolanacearum* Safni *et al.*, *Ralstonia solanacearum* (Smith) Yabuuchi *et al.* Emend. Safni *et al.*, *Scirtothrips dorsalis* Hood agus víreas Ugandach cuachta duilleog an phlanda trátaí, liostaítear iad mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Ós rud é go bhfuil toirmeasc ar na plandaí sonraithe a theacht isteach i gcríoch an Aontais faoi láthair, níl siad faoi réir cheanglais speisialta Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. I ndáil leis sin, ba cheart na lotnaidí sin a mheas mar lotnaidí sonraithe faoi réir ceanglais speisialta chun críoch an Rialacháin seo.

(8) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 liostaítear víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí, tospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí agus víreas cuachta duilleog buí an phlanda trátaí mar lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais le haghaidh tráchtearraí seachas plandaí *Petunia* spp. agus *Calibrachoa* spp. Ós rud é nach bhfuil na lotnaidí sin sainaitheanta mar lotnaidí a bhfuil tionchar eacnamaíoch acu ar tháirgeadh *Petunia* spp. agus *Calibrachoa* spp. i gcríoch an Aontais, níor cheart iad a mheas mar lotnaidí sonraithe chun críocha an Rialacháin seo.

(9) Ní liostaítear *Nipaecoccus viridis* (Newstead) mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Tar éis na tuairime ón Údarás, meastar an lotnaid sin a bheith ábhartha do na plandaí sonraithe. Dá réir sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann sí na coinníollacha maidir le lotnaidí corantín de chuid an Aontais a chur leis an liosta agus na critéir a leagtar amach i bhForoinn 2 de Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031. Dá bhrí sin, ba cheart í a bheith faoi réir na mbeart sealadach dá dtagraítear in Airteagal 30(1) den Rialachán sin agus ba cheart í a mheas mar lotnaid shonraithe chun críoch an Rialacháin seo.

(10) Chun a áirithiú nach mbeidh riosca ann go dtabharfar isteach na lotnaidí sonraithe agus na plandaí sonraithe á dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais, ba cheart na plandaí a fhás ó phlandaí de thionscnamh chríoch an Aontais chun láithreacht na lotnaidí san ábhar tosaigh a chosc.

(11) Ba cheart plandaí sonraithe a tháirgeadh i láithreáin táirgthe atá formheasta ag Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta (ECPN) Uganda maidir le táirgeadh na bplandaí sonraithe le haghaidh onnmhairiú chuig an Aontas agus atá sainaitheanta le cód inrianaitheachta uathúil chun gur féidir leis na húdaráis inniúla, i gcás ina n-aimsítear lotnaid shonraithe ar phlanda sonraithe i gcríoch an Aontais, an láithreán táirgthe as a dtionscnaíonn an planda sonraithe sin a shainaithint.

(12) Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh na plandaí sonraithe saor ó na lotnaidí sonraithe, ba cheart iad a fhás faoi chosaint fhisiciúil agus ba cheart cigireacht a dhéanamh orthu sula n-onnmhaireofar iad.

(13) Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh siomptóim láithreacht na lotnaidí sonraithe le feiceáil go fóill ar na gearrthóga neamhfhréamhaithe a allmhairítear isteach san Aontas, tar éis iad a allmhairiú i gcríoch an Aontais ba cheart na plandaí sonraithe a phlandú agus a fhréamhú ag áitreabh oibreoirí gairmiúla atá údaraithe go sonrach chun pasanna plandaí a eisiúint le haghaidh na bplandaí sin atá de thionscnamh Uganda, nó ag áitreabh oibreoirí gairmiúla ar ina leith a eisíonn na húdaráis inniúla na pasanna plandaí, ós rud é go ndéantar cigireachtaí oifigiúla rialta ar na hoibreoirí gairmiúla sin. Oibreoirí gairmiúla atá leis na plandaí sonraithe a fhás nó a fhréamhú, ba cheart dóibh na húdaráis inniúla a chur ar an eolas sula bhfaigheann siad na plandaí sonraithe ionas go mbeidh na húdaráis inniúla in ann na cigireachtaí oifigiúla a phleanáil go tráthúil.

(14) Chun a chosc go n-aistreofar na plandaí sonraithe den chéad uair chuig áitreabh oibreoirí gairmiúla nach bhfuil údaraithe chun pasanna plandaí a eisiúint le haghaidh na bplandaí sonraithe, ba cheart don allmhaireoir doiciméad a chur ar fáil, doiciméad arna eisiúint ag an údarás inniúil lena ndeimhnítear go bhfuil na plandaí le haistriú chuig áitreabh oibreoirí gairmiúla atá údaraithe go sonrach chun pasanna plandaí a eisiúint le haghaidh plandaí a fhréamhaítear nó a fhástar ó na plandaí sonraithe, nó chuig áitreabh oibreoirí gairmiúla ar ina leith a eisíonn na húdaráis inniúla na pasanna plandaí le haghaidh na bplandaí sonraithe, de bhun Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) 2016/2031.

(15) Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas láithreach faoi aon uair a aimseofaí lotnaid shonraithe ar na plandaí sonraithe, nó i bplandaí a fhréamhaítear nó a fhástar ó na plandaí sonraithe. Ba cheart don Choimisiún Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda a chur ar an eolas láithreach faoi sin. Ba cheart d'Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda an láithreán táirgthe ónar tháinig na plandaí sonraithe a bhaint láithreach den liosta de láithreáin táirgthe fhormheasta go dtí go mbeadh sé saor ó lotnaidí.

(16) Ós rud é nach bhfuil na plandaí sonraithe tugtha isteach i gcríoch an Aontais go dtí seo agus nach ann do thrádáil den sórt sin go fóill, tá riosca fíteashláintíochta ag gabháil leis na plandaí sonraithe nach bhfuil measúnú iomlán déanta go fóill air. Dá bhrí sin, ba cheart na ceanglais dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a bheith de chineál sealadach de bhun Airteagal 30(1) agus Airteagal 42a(1) de Rialachán (AE) 2016/2031.

(17) Ós rud é go bhfuil cead sealadach le tabhairt maidir leis na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, is gá, ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú freisin, trína léiriú go bhfuil maolú sealadach ann a mhéid a bhaineann leis na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ngluaiseacht laistigh di.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'lotnaidí sonraithe' *Bemisia tabaci Genn.* (pobail neamh-Eorpacha), víreas breac éadrom na pise bó, *Nipaecoccus viridis* (Newstead), víreas rollta duilleog an phlanda prátaí (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas S an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas X an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), *Ralstonia pseudosolanacearum* Safni *et al.*, *Ralstonia solanacearum* (Smith) Yabuuchi *et al.* Emend. Safni *et al.*, *Scirtothrips dorsalis* Hood agus víreas Ugandach cuachta duilleog an phlanda trátaí;

(2) ciallaíonn 'plandaí sonraithe' gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* spp. agus *Petunia* spp. agus a hibridí, ar plandaí iad a fásadh in Uganda agus a díorthaíodh i líne dhíreach ó mháthairphlandaí a allmhairíodh ón Aontas.

*Airteagal 2*

**Maolú sealadach ar an toirmeasc ar na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais**

De mhaolú ar phointe 18 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ceadófar na plandaí sonraithe a thabhairt isteach go sealadach i gcríoch an Aontais faoi réir chomhlíontacht na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Ceanglais maidir leis na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ngluaiseacht laistigh di**

1. Ní fhéadfar na plandaí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) roimh thús na trádála, an liosta de bhearta atá beartaithe chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I a áirithiú, tá sé curtha in iúl i scríbhinn ag Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda don Choimisiún;

(b) an liosta de láithreáin táirgthe, in éineacht leis na cóid inrianaitheachta atá ag dul leo, atá formheasta maidir le honnmhairiú na bplandaí sonraithe chuig an Aontas sa bhliain féilire dár gcionn, cuirfidh Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda faoi bhráid an Choimisiúin é faoin 31 Nollaig gach bliain, agus cuirfidh sí aon leasú ar an liosta sin in iúl láithreach;

(c) tuarascáil bhliantúil ar na gníomhaíochtaí a rinneadh sa bhliain féilire roimhe sin agus a bhfuil na heilimintí uile a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I inti, cuirfidh Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda faoi bhráid an Choimisiún í faoin 31 Márta gach bliain.

2. Chun gur féidir na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, cuirfidh an t-oibreoir gairmiúil allmhairiúcháin doiciméad arna eisiúint ag an údarás inniúil i láthair lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an t-oibreoir gairmiúil a fhaigheann na plandaí sonraithe an ceanglas a leagtar amach i mír 3, pointe (a) nó (b).

3. Agus na plandaí sonraithe tugtha isteach san Aontas, ní fhéadfar iad a ghluaiseacht ach amháin chuig na háiteanna seo a leanas:

(a) áitreabh oibreoirí gairmiúla atá údaraithe go sonrach chun pasanna plandaí a eisiúint le haghaidh plandaí a fhréamhaítear nó a fhástar ó na plandaí sonraithe, de bhun Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) 2016/2031; nó

(b) áitreabh na n-oibreoirí gairmiúla ar ina leith a eisíonn na húdaráis inniúla na pasanna plandaí le haghaidh na bplandaí sonraithe.

Sula bhfaigheann na hoibreoirí gairmiúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír na plandaí sonraithe, cuirfidh siad na húdaráis inniúla ar an eolas faoin dáta a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh na plandaí sonraithe sin agus coimeádfaidh siad an cód inrianaitheachta dá dtagraítear i bpointe 1(c) (iii) d'Iarscríbhinn I.

4. Plandaí a fhréamhaítear nó a fhástar go díreach ó na plandaí sonraithe, coimeádfar scartha iad ó aon phlanda eile atá soghabhálach i leith na lotnaidí sonraithe. Déanfar cigireachtaí oifigiúla orthu ar a laghad uair amháin sula n-aistreofar iad den chéad uair amach as áitreabh an oibreora ghairmiúil lena mbaineann agus chomh gar agus is féidir go dtí an t-am a aistreofar iad. Mar chuid de na cigireachtaí sin, i gcás ina mbíonn amhras ann faoi ionfhabhtú, déanfar sampláil agus tástáil mhóilíneach le haghaidh víreas breac éadrom na pise bó, víreas rollta duilleog an phlanda prátaí (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas S an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas X an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad) agus víreas Ugandach cuachta duilleog an phlanda trátaí.

I gcás ina n-aimsítear lotnaidí sonraithe ar phlandaí a fhréamhaítear nó a fhástar ó na plandaí sonraithe, scriosfar láithreach ar a laghad na plandaí go léir a fhréamhaítear nó a fhástar ón luchtóg chéanna de phlandaí sonraithe, déanfar an t-áitreabh a ghlanadh agus a dhíghalrú.

5. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon uair a aimseofar láithreacht lotnaide sonraithe ar na plandaí sonraithe, nó ar phlandaí a fhréamhaítear nó a fhástar ó na plandaí sonraithe. Cuirfidh an Coimisiún Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda ar an eolas láithreach faoi sin.

I gcás ina gcuirtear Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda ar an eolas faoi láithreacht lotnaide sonraithe ar phlandaí sonraithe nó ar phlandaí a fhréamhaítear nó a fhástar ó na plandaí sonraithe, ní fhormheasfar a thuilleadh an láithreán táirgthe as a dtionscnaíonn na plandaí sin le haghaidh onnmhairiú chuig an Aontas agus bainfidh Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda an láithreán táirgthe sin láithreach den liosta de láithreáin táirgthe fhormheasta dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), go dtí go léireofar go bhfuil sé saor ó lotnaidí an athuair.

*Airteagal 4*

**Leasú ar Iarscríbhinn VI Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072**

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Iúil 2029.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meitheamh 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 3 maidir le plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais**

1. Ní fhéadfar na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ach amháin má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas ina leith:

(a) táirgeadh iad i láithreáin táirgthe a mbaineann na nithe seo a leanas leo:

(i) tá siad curtha ag Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda le liosta de láithreáin táirgthe fhormheasta a aithnítear a bheith saor ó na lotnaidí sonraithe agus a gceadaítear dóibh na plandaí sonraithe a onnmhairiú chuig an Aontas;

(ii) tá siad aitheanta le cód inrianaitheachta uathúil atá le feiceáil ar an liosta dá dtagraítear i bpointe (i);

(iii) tá siad scoite amach go fisiceach in aghaidh feithidí, trí dhorais dhúbailte, in áit nach n-osclaítear an dara doras ach amháin tar éis an chéad doras a bheith dúnta go hiomlán, agus tá córas i bhfeidhm acu chun nósanna imeachta sláinteachais agus díghalraithe a áirithiú don fhoireann, don trealamh agus do na próisis táirgthe uile;

(iv) tá córas ann chun uisce uisciúcháin saor ó lotnaidí a sholáthar, córas ar a ndéantar dhá chigireacht oifigiúla bhliantúla, lena n-áirítear tástáil mhóilíneach, chun neamhláithreacht *Ralstonia pseudosolanacearum* Safni *et al.* agus *Ralstonia solanacearum* (Smith) Yabuuchi *et al.* Emend. Safni *et al.* a áirithiú;

(v) dírítear go hiomlán iontu ar tháirgeadh na bplandaí sonraithe, nó plandaí eile a chomhlíonann ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le sláinte plandaí, agus déanfar iad a ghlanadh agus a dhíghalrú go hiomlán roimh thabhairt isteach na bplandaí sonraithe nua;

(vi) tá seilfeanna ann chun na potaí a choinneáil 50 cm ar a laghad os cionn na talún;

(vii) tá córas i bhfeidhm iontu chun taifead a choimeád ar na próisis uile, lena n-áirítear na luchtóga a tháirgtear agus na nósanna imeachta chun na lotnaidí sonraithe a rialú le linn gach timthrialla táirgeachta;

(viii) i gcásanna ina n-aimsítear lotnaid shonraithe, baintear den liosta de láithreáin táirgthe iad dá dtagraítear i bpointe (i) go dtí go bhfuil sé saor ó lotnaidí an athuair agus ní fhormheasfar iad an athuair maidir le táirgeadh agus onnmhairiú an ábhair sin ach amháin ag an bpointe sin;

(b) maidir leis na plandaí sonraithe:

(i) fásadh in Uganda iad agus díorthaíodh ó mháthairphlandaí a allmhairíodh ón Aontas iad;

(ii) táirgeadh iad agus úsáid á baint as damhnaí fáis agus potaí atá nua nó atá faoi réir cóireálacha chun saoirse ó orgánaigh ithreacha agus ó aon lotnaid shonraithe a áirithiú sula n-úsáidtear iad sa phróiseas táirgthe;

(iii) rinne foireann oilte faireachán orthu trí ghaistí a úsáid chun láithreacht feithidí a bhrath;

(iv) rinne foireann oilte scrúduithe amhairc orthu chun neamhláithreacht na lotnaidí sonraithe nó a siomptóm a áirithiú ar bhonn seachtainiúil;

(v) cuireadh cóireálacha in aghaidh lotnaidí orthu, i gcás inarb iomchuí;

(vi) déantar tástáil mhóilíneach orthu chun víreas breac éadrom na pise bó, víreas rollta duilleog an phlanda prátaí (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas S an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas X an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), agus víreas Ugandach cuachta duilleog an phlanda trátaí, a bhrath ar a laghad uair amháin sular onnmhaireofar an chéad luchtóg de ghearrthóga neamhfhréamhaithe chuig an Aontas le linn an timthrialla táirgeachta sin nó níos minice i gcás inar aimsítear sa láithreáin táirgthe *Bemisia tabaci* Genn. nó aifidí nó tripis arb eol go dtarchuireann siad víris;

(c) sular onnmhairíodh iad, rinneadh an méid seo a leanas i ndáil le gach luchtóg de phlandaí sonraithe ó gach láithreán táirgthe:

(i) rinneadh cigireacht oifigiúil orthu maidir le láithreacht na lotnaidí sonraithe, trí bhíthin modh samplála lenar féidir leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath, ar leibhéal muiníne 99 % i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta ISPM 31, lena n-áirítear tástáil mhóilíneach le haghaidh víreas breac éadrom na pise bó, víreas rollta duilleog an phlanda prátaí (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas S an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), víreas X an phráta (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad), agus víreas Ugandach cuachta duilleog an phlanda trátaí i gcás ina raibh amhras faoi ionfhabhtú ann;

(ii) iompraíodh iad ón láithreáin táirgthe go dtí na saoráidí stórála, fuarúcháin nó pacáistíochta in áiteanna táirgthe, ar bhealach a gcoisctear éilliú leis na lotnaidí sonraithe;

(iii) rinneadh iad a phacáil i mboscaí, a bhfuil lipéad ar gach bosca ar a bhfuil cód inrianaitheachta an láithreáin táirgthe;

(d) tá deimhniú fíteashláintíochta ag gabháil leo arna eisiúint ag Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Uganda, lena ndeimhnítear comhlíontacht cheanglais an Rialacháin seo agus tá na nithe seo a leanas ann, faoin gceannteideal 'Deimhniú Breise':

(i) ainm nó ainmneacha an láithreáin táirgthe formheasta nó na láithreán táirgthe formheasta as a dtionscnaíonn na plandaí;

(ii) cód nó cóid inrianaitheachta an láithreáin táirgthe nó na láithreán táirgthe as a dtionscnaíonn na plandaí;

(iii) an ráiteas 'Comhlíonann an choinsíneacht seo na ceanglais a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1376 ón gCoimisiún.

2. Sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na bliana féilire roimhe sin beidh na nithe seo a leanas i gcás gach láithreán táirgthe:

(a) an líon plandaí sonraithe a onnmhairíodh chuig an Aontas;

(b) forbhreathnú ar na cigireachtaí oifigiúla a rinneadh roimh an onnmhairiú;

(c) láithreacht na lotnaidí sonraithe a aimsíodh;

(d) an líon plandaí a scriosadh mar gheall ar amhras faoi inmhíolú nó inmhíolú leis na lotnaidí sonraithe;

(e) na gníomhaíochtaí a rinneadh chun go mbeadh an láithreán táirgthe saor ó lotnaidí an athuair agus chun atarlú na lotnaidí sonraithe a chosc.

*IARSCRÍBHINN II*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072**

Sa Tábla d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa dara colún:

'Plandaí le haghaidh plandú *Solanaceae* seachas síolta agus na plandaí a chumhdaítear le hiontrálacha 15, 16 nó 17 (*)

(*) Cé is moite de na plandaí seo a leanas:

— gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* agus *Petunia* agus a hibridí ó Chósta Ríce, gearrthóga a fhéadfar a thabhairt isteach san Aontas faoi réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/292 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2026 lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* spp., *Petunia* spp agus a hibridí ó Chósta Ríce a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais (IO L, 2026/292, 10.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/292/oj);

— gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* agus *Petunia* agus a hibridí ó Ghuatamala, gearrthóga a fhéadfar a thabhairt isteach san Aontas faoi réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1078 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2025 lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* spp., *Petunia* spp. agus a hibridí ó Ghuatamala a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais (IO L, 2025/1078, 3.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1078/oj);

— gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* agus *Petunia* agus a hibridí ón gCéinia, gearrthóga a fhéadfar a thabhairt isteach san Aontas faoi réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1082 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2025 lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* spp., *Petunia* spp agus a hibridí ón gCéinia a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais (IO L, 2025/1082, 3.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1082/oj);

— gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* agus *Petunia* agus a hibridí ó Uganda, gearrthóga a fhéadfar a thabhairt isteach san Aontas faoi réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1376 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2026 lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le gearrthóga neamhfhréamhaithe le haghaidh plandú *Calibrachoa* spp., *Petunia* spp.agus a hibridí ó Uganda a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais (IO L, 2026/1376, 24.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1376/oj)'.